Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 14 Feabhra 2025
(OR. en)

5617/25

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2024/0321 (NLE)**

**ENFOPOL 27**
**CRIMORG 9**
**CT 6**
**IXIM 16**
**COLAC 9**
**CORDROGUE 6**
**JAI 85**

**GNÍOMHARTHA REACHTACHA AGUS IONSTRAIMÍ EILE**

| | |
|---|---|
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le comhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus le Póilíní Cónaidhme na Brasaíle agus tríothu |

**CINNEADH (AE) 2025/ ... ÓN gCOMHAIRLE**

**an ...**

**maidir le tabhairt i gcrích**
**an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach**
**agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle**
**maidir le comhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh**
**i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol)**
**agus le Póilíní Cónaidhme na Brasaíle agus tríothu**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 16(2) agus Airteagal 88 i gcomhar le hAirteagal 218(6), an dara fomhír, pointe (a)(v), agus Airteagal 218(7) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Ag féachaint don toiliú ó Pharlaimint na hEorpa[1],

---

[1] Toiliú an... (nár foilsíodh fós san Iris Oifigiúil).

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[2], déantar foráil gur féidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) sonraí pearsanta a aistriú chuig údarás tríú tír ar bhonn, inter alia, comhaontú idirnáisiúnta arna thabhairt i gcrích idir an tAontas agus an tríú tír sin de bhun Airteagal 218 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), lena dtugtar coimircí leordhóthanacha i dtaobh príobháideachas agus cearta agus saoirsí bunúsacha daoine aonair a chosaint.

---

2 Rialachán (AE) 2016/794 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Bealtaine 2016 maidir le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus lena n-aisghairtear Cinntí 2009/371/CGB, 2009/934/CGB, 2009/935/CGB, 2009/936/CGB agus 2009/968/CGB ón gComhairle agus a ghabhann ionad na gCinntí sin (IO L 135, 24.5.2016, lch. 53; ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2016/794/oj).

(2) I gcomhréir le Cinneadh (AE) 2025/ ... ón gComhairle[3+], síníodh an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le comhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus le Póilíní Cónaidhme na Brasaíle agus tríothu ('an Comhaontú') an …[++] , thar ceann an Aontais, faoi réir a thabhairt i gcrích tráth níos déanaí.

(3) Leis an gComhaontú bunaítear caidreamh comhoibritheach idir Europol agus údaráis inniúla na Brasaíle, agus ceadaítear leis sonraí pearsanta agus neamhphearsanta a aistriú eatarthu, d'fhonn an choireacht thromchúiseach agus an sceimhlitheoireacht a chomhrac, agus slándáil an Aontais agus a chuid saoránach a chosaint.

(4) Áirithítear leis an gComhaontú go n-urramófar ina hiomláine Chairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh ('an Chairt'), lena n-áirítear an ceart chun measa ar an saol príobháideach agus ar shaol an teaghlaigh, ceart a aithnítear in Airteagal 7 den Chairt, an ceart go ndéanfar sonraí pearsanta a chosaint, ceart a aithnítear in Airteagal 8 den Chairt, agus an ceart chun leighis éifeachtaigh agus chun trialach córa, ceart a aithnítear in Airteagal 47 den Chairt. Áirítear sa Chomhaontú coimircí leordhóthanacha chun sonraí pearsanta arna n-aistriú ag Europol faoin gComhaontú a chosaint.

---

3 Cinneadh (AE) 2025/... ón gComhairle an... maidir le síniú, thar ceann an Aontais Eorpaigh, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le comhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus Póilíní Cónaidhme na Brasaíle agus tríothu (IO L,..., ELI: ...).

+ IO: cuir isteach sa téacs, le do thoil, uimhir an Chinnidh atá i ndoiciméad ST 5616/2025 agus cuir isteach uimhir, dáta agus tagairt IO an Chinnidh sin san fhonóta.

++ IO: cuir isteach, le do thoil, dáta sínithe an Chomhaontaithe atá i ndoiciméad ST 5618/2025.

(5) Ní dhéanann an Comhaontú difear d'aistriú sonraí pearsanta nó cineálacha eile comhair idir na húdaráis atá freagrach as an tslándáil náisiúnta a chosaint, agus tá sé gan dochar don aistriú sin.

(6) De bhun Airteagal 218(7) CFAE, is iomchuí don Chomhairle údarú a thabhairt don Choimisiún leasuithe ar Iarscríbhinní II agus III a ghabhann leis an gComhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais.

(7) Tá Éire faoi cheangal ag Rialachán (AE) 2016/794 agus tá sí, dá bhrí sin, rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo.

(8) I gcomhréir le hAirteagail 1 agus 2 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le seasamh na Danmhairge, atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus le CFAE, níl an Danmhairg rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(9) Thug an Maoirseoir Eorpach ar Chosaint Sonraí a Thuairim 2/2025 uaidh an 10 Feabhra 2025

(10) Ba cheart an Comhaontú a fhormheas thar ceann an Aontais,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leis seo, déantar an Comhaontú idir an tAontas Eorpach agus Poblacht Chónaidhmitheach na Brasaíle maidir le comhar le Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh i ndáil le Comhar i bhForfheidhmiú an Dlí (Europol) agus le Póilíní Cónaidhme na Brasaíle agus tríothu a fhormheas thar ceann an Aontais[4].

*Airteagal 2*

Chun críocha Airteagal 31(2) den Chomhaontú, déanfaidh an Coimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gComhairle, an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais maidir le leasuithe ar Iarscríbhinní II agus III a ghabhann leis an gComhaontú a fhormheas.

*Airteagal 3*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha[5].

Arna dhéanamh in/sa ...,

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*

---

4 Tá téacs an Chomhaontaithe foilsithe in IO L,..., ELI: ... [IO: cuir isteach, le do thoil, tagairt IO do dhoiciméad ST 5618/2025].

5 Foilseoidh Ardrúnaíocht na Comhairle dáta theacht i bhfeidhm an Chomhaontaithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.